

# Nuachtlitir

## Scoil Naomh Ciarán



Fón: 095 33 613 Suíomh: [www.scoilnaomhciarán.com](http://www.scoilnaomhciarán.com)  
Samhain 2019

A Chairde,

Tá súil agam go raibh briseadh álainn agaibh thar seachtain na Samhna, agus gur bhain sibh taitneamh as an bhféile! Seo cupla pointe thábhachtach le meabhrú agus muid ag druidim ar mhí na Nollag. Bhí oíche eolais againn ón National Parents Council sa scoil ar an 23ú lá de mhí Dheireadh Fómhair agus mo mhíle buíochas do na tuistí a tháinig amach an oíche sin, molaim sibh as ucht an tacaíocht seastach a thugann sibh don scoil, na páiste agus do phobal uile na scoile.

### Peil

Tá sé rí-thábhachtach go mbeadh 'gum shields' ag gach páiste don pheil Dé Luain, tá siad seo riachtanach ó thaobh cúrsaí árachais. Freisin déan cinnte go mbíonn bróga reatha orthu agus na héadaí spóirt.

### Comhghairdeas!



Ba mhaith le pobal na scoile comhghairdeas mór mílteach a dhéanamh le Bríd a fuair geallta le linn saoire na Samhna. Guímid gach rath agus blianta fada lán le grá agus sonas oraibh! Níl aon leigheas ar an ngrá ach pósadh 😊

### Díolachán Cácaí

Míle buíochas do Choiste na dTuistí a d'eagraí an Díolachán Cácaí ar an 20/10/2019, agus do gach duine a thug tacaíocht dhó, bhí an-mhaidin ann!

### Damhsa na bPúcaí

Ár míle buíochas do Choiste na dTuismitheoirí, a d'eagraigh dioscó dén chéad scoth ar An Aoine, 25ú Deireadh Fómhair. Bhí an-spraoi ag chuile dhuine. Go raibh maith agaibh ar fad as an €5 a thug sibh, ar mhaithe leis an gCoiste.

### Scoil Dúnta

Beidh an scoil ag dúnamh ar an Luain, dara lá de mhí na Nollag (2/12/2019) le haghaidh forbairt ghairmiúil uile-scoile don Churaclam Teanga nua.

### Team Hope

Tá muid chomh bródúil bheith ag glacadh páirt sa bhfeachtas Team Hope i mbliana, carthanacht a chuireann bronntanais ó ghasúir na hÉireann chuig gasúir i dtíortha eile i bhfad i gcéin. Beidh na boscaí seo le bheith sa scoil ar an gCéadaoin 6ú lá de mhí na Samhna. Réitigh sibh ar fad bronntanais fíor-speisialta anuraidh don chúis thábhachtach seo, agus tá muid thar a bheith buíoch as an iarracht a rinne chuile theaghlach. Go raibh míle, míle maith agaibh ar fad. Ar ndóigh tá sé suas do chuile chlann má tá siad ag iarradh tacaíocht a thabhairt don charthanacht seo, muna bhfuil tá sé sin é féin togha.

### County Photos

Beidh County Photos linn ar scoil ar maidin Dé hAoine, 15ú Samhain. Ní mhór éide scoile glan ar an lá.


### Seó Mór na Nollag

Tá socraithe agus pleanáil ar bun faoin láthair i gcomhair Seó Mór na Nollag! Tá sé i gceist againn é a bheith againn ar an Déardaoin, 5ú Nollaig, am fós le socrú.

### Suíomh idirlíne na Scoile

Tá sé i gceist ag múinteoirí na scoile nuacht agus pictiúirí d'obair na ngasúir a chur ar an suíomh, chomh maith le pictiúirí/físeáin do ghasúir ag imeachtaí spóirt/drámaíochta/ceoil/eolaíochta/bratach glas/ceachtanna ranga/turais scoile srl. Tá muid ag iarradh gearradh siar ar an méid páipéar a bhíonn á úsáid againn agus mar sin beidh gach rud á chuir suas ar [www.scoilnaomhciarain.com](http://www.scoilnaomhciarain.com) as seo amach. Seolfar téacs amach má bhíonn aon eolas nua curtha suas air.

Le gach deá-ghuí,



Nóra Ní Chadhain, Príomhoide Gníomhach